Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

***Lorgaítear iarratais ó dhaoine atá cáilithe go cuí le bheith curtha ar phainéal don phost seo a leanas ónar féidir folúntais Bhuana agus/nó Shealadacha a thagann chun cinn le linn shaolré an phainéil a líonadh.***

# OIFIGEACH FOIRNE (GRÁD V)

Tugtar cuireadh do dhaoine atá cáilithe go cuí cur isteach ar an bpainéal/na painéil seo a leanas:

- Is éard a bheidh i b**Painéal A** (Teoranta d'earnáil na n-Údarás Áitiúil) iarratasóirí a n-éireoidh leo in ord fiúntais ó laistigh d'earnáil na n-Údarás Áitiúil amháin, i.e., iarrthóirí atá ag fónamh in Údarás Áitiúil nó Tionól Réigiúnach (nuair is infheidhme).
- Is éard a bheidh i b**Painéal B** (Oscailte) na hiarratasóirí go léir a n-éireoidh leo in ord fiúntais agus féadfaidh iarrthóirí atá ag fónamh in Údarás Áitiúil, Tionól Réigiúnach, agus iarrthóirí seachtracha a bheith san áireamh.
- Is éard a bheidh i b**Painéal C** (Teoranta don Údarás Áitiúil Earcaíochta) na hiarratasóirí go léir a n-éireoidh leo in ord fiúntais ó laistigh den Údarás Áitiúil earcaíochta i.e. iarrthóirí atá ag fónamh i gComhairle Chontae na Gaillimhe.

***Tuarastal:*** **€51,722 - €61,865**

*Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfar iarratais a ghearrliostú má fhaightear líonn mór iarratas agus beidh an gearrliosta sin bunaithe ar chineál, fad agus ábharthacht na taithí roimhe seo.*

Tá foirmeacha iarratais agus tuilleadh sonraí lena n-áirítear **íosriachtanais cháilíochta** ar ár suíomh gréasáin ag www.galway.ie, nó is féidir iad a fháil ach dul i dteagmháil leis an Rannóg Acmhainní Daonna, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh – Teil; 091 509303, ríomhphost hr@galwaycoco.ie. Is é an dáta deiridh chun foirmeacha iarratais comhlánaithe a chur isteach **4pm Déardaoin an 23 Deireadh Fómhair 2025**

***E. Ruane, Stiúrthóir Seirbhísí***
***IS FOSTÓIR COMHDHEISEANNA Í COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE***